TUAIRIM AN ABHCÓIDE GHINEARÁLTA
ANTHONY M. COLLINS
arna tabhairt an 13 Deireadh Fómhair 2022[1]

Cás C-435/22 PPU

Generalstaatsanwaltschaft München
v
HF

[Iarraidh ar réamhrialú ón Oberlandesgericht München (Uaschúirt Réigiúnach München, an Ghearmáin)]

(Tarchur chun réamhrialú — Nós imeachta práinne um réamhrialú — Comhar Ceartais Choiriúil — Coinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen a chur chun feidhme — Airteagal 54 — Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh — Airteagal 50 — Prionsabal *ne bis in idem* — Saorghluaiseacht daoine — Saoránacht an Aontais — Eiseachadadh náisiúnaigh tríú tír ag Ballstát chuig na Stáit Aontaithe faoi chonradh déthaobhach eiseachadta — Náisiúnach tríú tír cáinte go cinntitheach as na fíricí céanna i mBallstát eile agus a phianbhreith iomlán curtha isteach aige sa Bhallstát sin — Comhaontú maidir le heiseachadadh idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá — Airteagal 351 CFAE)

Réamhrá

1. Baineann an iarraidh ar réamhrialú seo ón Oberlandesgericht München (Uaschúirt Réigiúnach München, an Ghearmáin) le hiarraidh ó Stáit Aontaithe Mheiriceá ar Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine chun náisiúnach tríú tír a eiseachadadh chun críocha imeachtaí coiriúla i leith gníomhartha ar cuireadh pianbhreith dheiridh air cheana ina leith i mBallstát eile atá curtha i gcrích go hiomlán aige cheana féin.

2. I gcás den sórt sin, an féidir feidhm a bheith ag prionsabal *ne bis in idem*, atá leagtha amach in Airteagal 54 den Choinbhinsiún lena ndéantar Comhaontú Schengen an 14 Meitheamh 1985 idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le seiceálacha ag a gcomhtheorainneacha a dhíothú de réir a chéile a chur chun feidhme, a síníodh in Schengen an 19 Meitheamh 1990 agus a tháinig i bhfeidhm an 26 Márta 1995, arna leasú le Rialachán (AE) Uimh. 610/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 (IO 2013 L 182, lch. 1) ("CISA")[2], arna léamh i bhfianaise Airteagal 50 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt"), ar choinníoll

[1] Bunteanga: an Fhraincis.

[2] IO 2000 L 239, lch. 19. Tugadh CISA i gcrích chun a áirithiú go gcuirfí chun feidhme an Comhaontú idir Rialtais Stáit Aontas Eacnamaíoch Benelux, Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Phoblacht na Fraince maidir le díothú rialacháin de réir a chéile ag a gcomhtheorainneacha, arna shíniú an 14 Meitheamh 1985 (IO 2000 L 239, lch. 13; "Comhaontú Schengen").

nach bhfuil stádas saoránaigh den Aontas ag an duine lena mbaineann? An féidir le conradh déthaobhach eiseachadta arna thabhairt i gcrích idir an Ballstát iarrtha agus an tríú Stát i dtrácht a chosc nach mbeifí ag brath ar phrionsabal *ne bis in idem* chun eiseachadadh an duine sin a dhiúltú? Cén ról a d'fhéadfadh a bheith ag Airteagal 351 CFAE i gcás den sórt sin? Is iad sin go bunúsach na príomhcheisteanna a thagann chun cinn sa chás seo.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

CISA

3. Foráiltear le hAirteagal 20(1) de CISA, i gCaibidil 4, dar teideal "Coinníollacha lena rialaítear gluaiseacht eachtrannach", faoi Theideal II de:

"Féadfaidh eachtrannaigh nach bhfuil faoi réir ceanglas víosa gluaiseacht faoi shaoirse laistigh de chríocha na bPáirtithe Conarthacha ar feadh tréimhse nach faide ná 90 lá laistigh de thréimhse 180 lá ar choinníoll go gcomhlíonfaidh siad na coinníollacha maidir le dul isteach dá dtagraítear in Airteagal 5(1)(a), (c), (d) agus (e)." [3]

4. Is mar a leanas a léitear Airteagal 54 de CISA, i gCaibidil 3, dar teideal "Cur i bhfeidhm an phrionsabail *ne bis in idem*", faoi Theideal III de:

"Ní fhéadfaidh Páirtí Conarthach eile duine a mbeidh breithiúnas críochnaitheach tugtha air ag Páirtí Conarthach a ionchúiseamh as na gníomhartha céanna, ar choinníoll, i gcás ciontú, go bhfuil an pionós forchurtha nó á fhorghníomhú faoi láthair nó nach féidir é a fhorghníomhú a thuilleadh faoi dhlíthe an Pháirtí Chonarthaigh a chiontaigh é."

An Prótacal ag lánpháirtiú acquis Schengen i ndlí an Aontais

5. Áiríodh CISA i ndlí an Aontais leis an bPrótacal lena lánpháirtíodh *acquis* Schengen i gcreat an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh le Conradh Amstardam [4], faoi theideal "*acquis* Schengen", mar a shainmhínítear é san Iarscríbhinn a ghabhann leis an bPrótacal sin.

6. Is léir ó Airteagal 2 de Chinneadh 1999/436/CE ón gComhairle an 20 Bealtaine 1999 lena gcinntear, i gcomhréir leis na forálacha ábhartha den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus den Chonradh ar an Aontas Eorpach, an bunús dlí do gach ceann de na forálacha nó de na cinntí arb éard iad *acquis* Schengen [5] agus Iarscríbhinn A a ghabhann leis gur ainmnigh an Chomhairle Airteagail 34 agus 31 AE [6] mar bhunúis dlí d'Airteagail 54 go 58 de CISA.

[3] Féach mír 10 den Tuairim seo.

[4] IO 1997 C 340, lch. 93.

[5] IO 1999 L 176, lch. 17. Glacadh an cinneadh sin de bhun an dara fomhír d'Airteagal 2(1) den Phrótacal ag lánpháirtiú *acquis* Schengen i gcreat an Aontais Eorpaigh, lena bhforáiltear go háirithe "go gcinnfidh Comhairle [an Aontais Eorpaigh] [...], i gcomhréir le forálacha ábhartha na gConarthaí, an bunús dlí do gach ceann de na forálacha nó de na cinntí arb éard iad *acquis* Schengen".

[6] Aisghaireadh Airteagal 34 AE le Conradh Liospóin, agus cuireadh Airteagail 82, 83 agus 85 CFAE in ionad Airteagal 31 AE.

An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le heiseachadadh

7. Luaitear an méid seo a leanas in Airteagal 1 den Chomhaontú maidir le heiseachadadh idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheiriceá an 25 Meitheamh 2003[7] ("Comhaontú AE-SAM"), dar teideal "Ábhar":

"Gealann na páirtithe conarthacha, i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo, a gcomhar a neartú faoi chuimsiú an chaidrimh atá i bhfeidhm idir na Ballstáit agus Stáit Aontaithe Mheiriceá maidir le ciontóirí a eiseachadadh."

8. Foráiltear le hAirteagal 17 den Chomhaontú sin, dar teideal "Neamh-mhaolú":

"1. Tá an Comhaontú seo gan dochar don Stát iarrtha forais diúltaithe a agairt maidir le hábhar nach bhfuil faoi rialú an Chomhaontaithe seo agus atá ar fáil de bhun conradh déthaobhach eiseachadta atá i bhfeidhm idir Ballstát agus Stáit Aontaithe Mheiriceá.

2. Más rud é gur de chineál a choiscfidh prionsabail bhunreachtúla an Stáit iarrtha nó cinntí críochnaitheacha breithiúnacha de chineál ceangailteach ar fhorghníomhú a oibleagáide eiseachadta agus nach réiteoidh an Comhaontú seo ná an conradh déthaobhach is infheidhme an t-ábhar, seolfaidh an Stát iarrtha agus an Stát iarrthach comhchomhairle."

Cód Teorainneacha Schengen

9. Is mar a leanas a léitear Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2016/399 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le Cód an Aontais maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen)[8], arna leasú le Rialachán (AE) 2018/1240 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Meán Fómhair 2018 lena mbunaítear Córas Eorpach um Fhaisnéis agus Údarú Taistil (ETIAS) agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1077/2011, (AE) 515/2014, (AE) 2016/399, (AE) 2016/1624 agus (AE) 2017/2226[9] ("Cód Teorainneacha Schengen"):

"I gcás tréimhsí beartaithe fanachta ar chríoch na mBallstát ar tréimhsí iad nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá, eadhon, fad ar ina leith a fhéachtar ar an tréimhse 180 lá a thagann roimh gach lá fanachta, is iad seo a leanas na coinníollacha maidir le dul isteach le haghaidh náisiúnach tríú tíortha:

a) tá doiciméad taistil bailí ina seilbh acu lena gceadófar don sealbhóir an teorainn a thrasnú agus na critéir seo a leanas á sásamh aige:

   i) mairfidh a bhailíocht trí mhí ar a laghad tar éis an dáta imeachta atá beartaithe ó chríoch na mBallstát. Ar a shon sin, féadfar an oibleagáid seo a tharscaoileadh i gcásanna éigeandála a mbeidh bonn cirt leo;

   ii) beidh sé arna eisiúint laistigh de na deich mbliana roimhe sin;

7 IO 2003 L 181, lch. 27.

8 IO 2016 L 77, lch. 1.

9 IO 2018 L 236, lch. 1.

b) tá víosa bhailí ina seilbh acu má cheanglaítear amhlaidh de bhun [Rialachán (AE) 2018/1806 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh ar a náisiúnaigh víosaí a bheith ina seilbh acu ar thrasnú teorainneacha seachtracha dóibh agus lena liostaítear na tríú tíortha a mbeidh a náisiúnaigh díolmhaithe ón gceanglas sin [10]] nó tá údarú bailí taistil ina seilbh acu má cheanglaítear amhlaidh de bhun [an Rialacháin chéanna], ach amháin i gcás ina bhfuil cead cónaithe bailí nó víosa bhailí fhadfhanachta acu;

c) tugann siad údar cuí do chuspóir agus coinníollacha na tréimhse fanachta atá beartaithe, agus tá cóir leordhóthanach mhaireachtála acu d'fhad na tréimhse fanachta agus chun filleadh ar a dtír bhunaidh nó chun aistriú go tríú tír áit a bhfuil siad cinnte go dtabharfar cead isteach dóibh, nó a mbeidh siad in ann an chóir mhaireachtála sin a fháil go dleathach;

d) ní daoine iad a bhfuil foláireamh eisithe ina leith i [Córas Faisnéise Schengen (CFS)] chun cead isteach a dhiúltú;

e) ní mheastar gur baol do bheartas poiblí, slándáil inmheánach, sláinte phoiblí nó caidreamh idirnáisiúnta aon cheann de na Ballstáit iad, go háirithe i gcás nach bhfuil foláireamh eisithe i mbunachair sonraí náisiúnta na mBallstát chun cead isteach a dhiúltú ar an mbonn céanna.

f) sonraí bithmhéadracha a sholáthar [...]"

10. Ní mór Airteagal 20(1) de CISA a thuiscint mar thagairt d'Airteagal 6(1) de Chód Teorainneacha Schengen. Tháinig an fhoráil dheireanach sin in ionad Airteagal 5(1) de Rialachán Uimh. 562/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2006 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir leis na rialacha lena rialaítear gluaiseacht daoine thar theorainneacha (Cód Teorainneacha Schengen) [11], a tháinig in ionad Airteagal 5(1) de CISA.

Rialachán 2018/1806

11. Foráiltear in Airteagal 3(1) de Rialachán 2018/1806:

"Beidh sé de cheangal ar náisiúnaigh na dtríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I víosa a bheith ina seilbh acu agus iad ag trasnú theorainneacha seachtracha na mBallstát."

12. De réir Airteagal 4(1) den Rialachán sin:

"Beidh náisiúnaigh tríú tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn II díolmhaithe ón gceanglas atá leagtha amach in Airteagal 3(1) i gcás fanachtaí nach faide ná 90 lá in aon tréimhse 180 lá."

13. Tá an tSeirbia ar cheann de na tríú tíortha a liostaítear san Iarscríbhinn II sin.

[10] IO 2018 L 303, lch. 39.

[11] IO 2006 L 105, lch. 1.

An Conradh um eiseachadadh idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Stáit Aontaithe Mheiriceá

14. Foráiltear in Airteagal 1 den Auslieferungsvertrag zwischen der Bundesrepublik Deutschland und den Vereinigten Staaten von Amerika (an Conradh um Eiseachadadh idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Stáit Aontaithe Mheiriceá) an 20 Meitheamh 1978 [12] ("Conradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe"), dar teideal "Oibleagáid eiseachadta":

"(1) Geallann na páirtithe conarthacha atá á n-ionchúiseamh i leith ciona a rinneadh i gcríoch an Stáit iarrthaigh nó chun pianbhreith nó ordú coinneála a fhorghníomhú agus atá i gcríoch an pháirtí chonarthaigh eile a chur i gcrích go cómhalartach, de réir fhorálacha an Chonartha seo.

(2) Más lasmuigh de chríoch an Stáit iarrthaigh a rinneadh an cion, deonóidh an Stát iarrtha eiseachadadh de réir an Chonartha seo, más rud é

a. go bhféadfaí cion den sórt sin a rinneadh in imthosca den tsamhail chéanna a cheadú faoina dhlí, nó

b. gur náisiúnach den Stát iarrthach an duine a n-iarrtar a eiseachadadh."

15. Foráiltear le hAirteagal 2 den Chonradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe, dar teideal "Cionta a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le heiseachadadh", arna leasú leis an Zusatzvertrag zum Auslieferungsvertrag zwischen der Bundesrepublik Deutschland und den Vereinigten Staaten von Amerika (Conradh breise leis an gConradh um Eiseachadadh idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Stáit Aontaithe Mheiriceá) an 21 Deireadh Fómhair 1986 [13] ("an Chéad Chonradh breise"):

"(1) Is iad na cionta a fhéadfaidh a bheith ina gcúis le heiseachadadh faoin gConradh seo na cionta is inphionóis faoi dhlí an dá Pháirtí Chonarthacha. D'fhonn a chinneadh an bhfuil cion ineiseachadta ann, ní bhaineann sé le hábhar cibé acu a aicmítear nó nach n-aicmítear le dlí na bPáirtithe Conarthacha an cion sa chatagóir chéanna cionta, an gcumhdaítear é leis an gcoincheap céanna, nó an dtagann coiriúlacht dhúbailte as dlí cónaidhme, as dlí stáit nó as dlí Länder. […]

(2) Deonaítear eiseachadadh do chion ineiseachadta

a. chun críocha imeachtaí coiriúla, más rud é, faoi dhlí an dá Pháirtí Chonarthacha, go bhfuil an cion inphionóis le pianbhreith choimeádta ar faide ná bliain amháin é […]

[…]"

16. Faoi Airteagal 8 den Chonradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe, dar teideal "*Ne bis in idem*":

Ní dheonófar eiseachadadh má tá an duine cúisithe éigiontaithe nó ciontaithe go críochnaitheach cheana féin ag údaráis inniúla an stáit iarrthaigh i leith an chiona a n-iarrtar eiseachadadh ina leith."

[12] BGBl. 1980 II, lch. 646. Luaitear san ordú tarchuir gur tháinig an conradh sin i bhfeidhm an 30 Iúil 1980.

[13] BGBl. 1988 II, lch. 1087.

17. Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 34 den Chonradh sin, dar teideal "Daingniú; Teacht i bhfeidhm; Séanadh", i mír 4 de:

"Fanfaidh an Conradh seo i bhfeidhm go ceann bliana ón dáta a thabharfaidh páirtí conarthach fógra i scríbhinn don pháirtí eile maidir lena shéanadh."

18. De réir na cúirte a rinne an tarchur, rinneadh Conradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe a oiriúnú do Chomhaontú AE-SAM leis an Zweiter Zusatzvertrag zum Auslieferungsvertrag zwischen der Bundesrepublik Deutschland und den Vereinigten Staaten von Amerika (an Dara Conradh breise a ghabhann leis an gConradh Eiseachadadh idir Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Stáit Aontaithe Mheiriceá) an 18 Aibreán 2006[14] ("an Dara Conradh breise"):

Na fíorais is cúis le díospóid na bpríomhimeachtaí agus an cheist arna tarchur i gcomhair réamhrialú

19. An 20 Eanáir 2022, cuireadh HF, náisiúnach Seirbiach, faoi choinneáil réamhthrialach in München (an Ghearmáin) ar bhonn Fógra Dearg, a d'fhoilsigh Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (Interpol) ar iarraidh ó údaráis Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá sé beartaithe ag an dara ceann a eiseachadadh a fháil chun críocha imeachtaí coiriúla a sheoladh mar gheall ar chionta a líomhnaítear a rinneadh idir Meán Fómhair 2008 agus Nollaig 2013. Eisíodh an Fógra Dearg sin ar bhonn barántas gabhála a eisíodh ag an US District Court for the District of Columbia (Cúirt Dúiche na Stát Aontaithe do Cheantar Columbia) an 4 Nollaig 2018 i leith líomhaintí maidir le "claonpháirteachas páirt a ghlacadh in eagraíochtaí truaillithe faoi thionchar coiriúil agus comhcheilg calaois bhainc agus calaois a dhéanamh trí bhíthin áiseanna teileachumarsáide", i gcomhréir le Teideal 18, Cód na Stát Aontaithe, Ranna 1962(d) agus 1349 faoi seach[15]. Tá HF faoi choinneáil ar feitheamh eiseachadadh sa Ghearmáin faoi láthair go dtí go n- eiseachadfar é.

20. I litir dar dáta an 25 Eanáir 2022, d'iarr údaráis Stáit Aontaithe Mheiriceá ar údaráis na Gearmáine dul ar aghaidh le gabháil shealadach HF agus sheol siad barántas gabhála an 4 Nollaig 2018 agus díotáil an lá céanna ón Grand Jury den US Court of Appeals for the District of Columbia Circuit (Cúirt Achomhairc na Stát Aontaithe do Chuaird Cheantar Columbia). I litir dar dáta an 17 Márta 2022, sheol siad chuig údaráis na Gearmáine na doiciméid is gá a bheith ag gabháil leis an iarraidh ar eiseachadadh.

21. Tráth a ghabhála, chuir HF in iúl go raibh cónaí air sa tSlóivéin agus gur thíolaic sé pas Seirbiach a eisíodh an 11 Iúil 2016 agus a bhí bailí go dtí an 11 Iúil 2026, cead cónaithe de chuid na Slóivéine a eisíodh an 3 Samhain 2017 agus a d'éag an 3 Samhain 2019 agus cárta aitheantais na Cosaive. De réir an ordaithe tarchuir, i rith na bliana 2020 dhiúltaigh údaráis na Slóivéine d'iarratas HF ar shíneadh a chur lena chead cónaithe.

[14] BGBl. 2007 II, lch. 1618.

[15] Luaitear san ordú tarchuir go bhfuil na cionta sin, ar ina leith a cuireadh HF san áireamh ar an liosta náisiúnta de dhaoine a bhí á lorg ag an Bundeskriminalamt (an Oifig Póilíní Coiriúla Cónaidhme, an Ghearmáin), le haicmiú, faoi dhlí na Gearmáine, mar 'chomhlachas coiriúil', 'spiaireacht agus idircheapadh sonraí' agus 'sabaitéireacht ríomhaireachta'.

22. Ar iarraidh ón gcúirt a rinne an tarchur agus ón Generalstaatsanwaltschaft München (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, München, an Ghearmáin), chuir údaráis na Slóivéine an fhaisnéis seo a leanas ar fáil:

– le breithiúnas ón Okrožno sodišče v Mariboru (Cúirt Réigiúnach Maribor, an tSlóivéin) an 6 Iúil 2012, tar éis fórsa *res judicata* a fháil an 19 Deireadh Fómhair 2012, gearradh pionós coimeádta bliana agus trí mhí ar HF mar gheall ar an gcion "ionsaí ar an gcóras faisnéise", de réir bhrí Airteagal 221(IV), arna léamh i gcomhar le mír II den Kazenski Zakonik (Cód Cóiriúil), a rinneadh idir Nollaig 2009 agus Meitheamh 2010, an pionós sin a thiontú ina phionós seirbhíse poiblí 480 uair an chloig;

– d'fhorghníomhaigh HF, go dtí an 25 Meitheamh 2015, an dara pionós ina iomláine;

– le cinneadh an 23 Meán Fómhair 2020, dhiúltaigh Okrožno sodišče v Kopru (Cúirt Réigiúnach Koper, an tSlóivéin) d'iarraidh ar eiseachadadh HF a rinne údaráis Stáit Aontaithe Mheiriceá chun críocha imeachtaí coiriúla, ar an bhforas go ndearna Okrožno sodišče v Maribor (Cúirt Réigiúnach Maribor) breithiúnas deiridh ar na fíorais a leagadh amach san iarratas sin;

– níl bhfuil aon amhras ann faoi chion i leith na ngníomhartha eile a thuairiscítear san iarraidh seo ar eiseachadadh, tar éis mhí an Mheithimh 2010;

– deimhníodh cinneadh an 23 Meán Fómhair 2020 le cinneadh an 8 Deireadh Fómhair 2020 ón Višje sodišče v Kopru (Cúirt Achomhairc Koper, an tSlóivéin) agus fuair sé feidhm *res judicata*.

23. De réir an ordaithe tarchuir, baineann an iarraidh ar eiseachadadh atá dírithe ar údaráis na Slóivéine agus an iarraidh ar eiseachadadh atá i gceist sa chás seo leis na cionta céanna. Ina theannta sin, is ionann na fíorais a mheas Okrožno sodišče v Mariboru (Cúirt Réigiúnach Maribor) agus na fíorais dá dtagraítear san iarratas deireanach sin, a mhéid a dhéanann siad cur síos ar chionta a rinneadh roimh mhí Iúil 2010.

24. Tá amhras ar an gcúirt a rinne an tarchur maidir le dlíthiúlacht eiseachadadh HF chuig na Stáit Aontaithe, maidir leis na gníomhartha a líomhnaítear in aghaidh HF sa bharántas gabhála agus díotáil an 4 Nollaig 2018 don tréimhse roimh mhí Iúil 2010.

25. I ndáil leis sin, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl nach leor na prionsabail a leag an Chúirt Bhreithiúnais síos i mbreithiúnas an 12 Bealtaine 2021, *Bundesrepublik Deutschland (Fógra Dearg Interpol)*[16] chun an cás atá ar feitheamh os a comhair a réiteach, i bhfianaise na ndifríochtaí atá inti as an gcás as ar eascair an breithiúnas sin. Dá bhrí sin, tugann sí faoi deara, sa chás seo, sa chéad áit, nach saoránach den Aontas an duine lena mbaineann, sa dara háit, go bhfuil iarraidh fhoirmiúil ar eiseachadadh ann, agus nach gabháil shealadach é tar éis fógra dearg a d'fhoilsigh Interpol, agus, sa tríú háit, dá ndiúltódh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine eiseachadadh HF mar gheall ar an oibleagáid, a fhorchuirtear le dlí an Aontais, an prionsabal *ne bis in idem* a chomhlíonadh, thabharfadh sí neamhaird ar an oibleagáid eiseachadadh mar thoradh ar Chonradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe. Maidir leis an bpointe deireanach sin, luaitear ann, sa chás seo, gur thíolaic údaráis na Stát Aontaithe na doiciméid nach mór, faoi Airteagal 14 den Chonradh sin, a bheith ag gabháil leis an iarraidh ar eiseachadadh, go bhfuil iompar HF inphionóis faoi dhlí na Stát Aontaithe agus faoi dhlí na

[16] C-505/19, "Fógra Dearg Interpol", EU:C:2021:376. Féach mír 44 den Tuairim seo.

Gearmáine araon [17], agus go bhfuil na cionta i dtrácht inphionóis le pianbhreith choimeádta 20 nó 30 bliain ar a mhéad faoi dhlí Mheiriceá agus uastréimhse idir 2 bhliain agus 10 mbliana faoi dhlí na Gearmáine [18].

26. Mar atá cúrsaí, dá bhrí sin, níl cosc ar dhlíthiúlacht eiseachadadh HF faoi mhír 2 *et seq*. den Gesetz über die internationale Rechtshilfe in Strafsachen (IRG) (Dlí maidir le cúnamh dlíthiúil idirnáisiúnta in ábhair choiriúla) an 23 Nollaig 1982 [19], agus faoi Airteagal 4 *et seq*. den Chonradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe.

27. Go sonrach, maidir leis an bprionsabal *ne bis in idem* atá cumhdaithe in Airteagal 8 den Chonradh sin, cuireann an chúirt a rinne an tarchur in iúl gur ciontaíodh HF ar deireadh le breithiúnas Okrožno sodišče v Mariboru (Cúirt Réigiúnach, Maribor) an 6 Iúil 2012 maidir leis na cionta a rinneadh roimh mhí Iúil 2010, ar cionta iad is ábhar don iarraidh ar eiseachadadh atá i gceist, agus nach gcuirtear cosc ar eiseachadadh chuig na Stáit Aontaithe leis an bpianbhreith a d'fhorchuir an chúirt sin uirthi cheana féin. Ar an gcéad dul síos, is léir ó fhoclaíocht an Airteagail sin nach dtagraíonn sé ach don chás ina ndearna údaráis inniúla an Stáit iarrtha an duine cúisithe a chiontú go críochnaitheach cheana féin, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine sa chás sin. Ní fhéadfaí é a léiriú mar thagairt freisin do chiontuithe a tugadh i mBallstáit eile. Ina dhiaidh sin, chomhaontaigh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, i gcomhthéacs na caibidlíochta ar Chonradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe, nach gcoisctear eiseachadadh le cinntí a tugadh i dtríú Stáit. Ina theannta sin, leis an Dara Conradh Breise, lenar oiriúnaíodh an Conradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe, níor leagadh síos forálacha sonracha chun an toirmeasc ar phionós dúbailte a leathnú chuig na Ballstáit uile ná chun Airteagal 8 den Chonradh sin a leasú. Ar deireadh, de réir chásdlí an Bundesverfassungsgericht (Cúirt Bhunreachtúil Cónaidhme, an Ghearmáin), níl aon phrionsabal fós den ghnáthdhlí idirnáisiúnta a bhfuil feidhm ag an toirmeasc sin dá réir i gcás ciontuithe a thugtar i dtríú Stáit.

28. Mar sin féin, measann an chúirt a rinne an tarchur cé acu nach gceanglaítear le hAirteagal 50 den Chairt, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 54 de CISA, ar Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine eiseachadadh HF chuig na Stáit Aontaithe a dhiúltú i leith na gcionta a bhfuil sé ciontaithe cheana ina leith ag an Okrožno sodišče v Mariboru (Cúirt Réigiúnach, Maribor), eadhon, na cionta sin a bhaineann leis na cionta dá dtagraítear san iarraidh ar eiseachadadh atá i gceist agus a rinneadh roimh mhí Iúil 2010.

29. Maidir leis sin, sa chéad áit, tá an chúirt a rinne an tarchur den tuairim go bhfuil na coinníollacha atá mar thoradh ar fhorálacha comhcheangailte an dá airteagal sin comhlíonta sa chás seo. Ar an gcéad dul síos, chiontaigh cúirt de chuid Ballstáit HF ar deireadh, eadhon, Okrožno sodišče v Mariboru (Cúirt Réigiúnach, Maribor), agus forfheidhmíodh an phianbhreith a forchuireadh go hiomlán. Ar an dara dul síos, níl nasc idir na forálacha sin agus stádas saoránaigh den Aontas nó stádas náisiúnaigh de Bhallstát. Ar an tríú dul síos, is léir ó mhíreanna 94 agus 95 de bhreithiúnas Fhógra Dearg Interpol gur "ionchúiseamh coiriúil" de réir bhrí Airteagal 54 de CISA atá sa ghabháil shealadach a dhéanann ceann de na Stáit Chonarthacha [20] ar dhuine atá faoi réir fógra dheirg arna fhoilsiú ag Interpol ar iarraidh ó thríú Stát. Dá réir sin, ní mór cinneadh maidir le dlíthiúlacht eiseachadta as a dtagann tabhairt suas an duine lena mbaineann do thríú Stát chun críche ionchúisimh choiriúil a mheas freisin mar

[17] Féach, chuige sin, Airteagal 2(1) den Chonradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe.

[18] Féach, chuige sin, Airteagal 2(2) den Chonradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe.

[19] BGBl. 1982 I, lch. 2071.

[20] Ciallaíonn "Stát Conarthach" Stát is páirtí i gComhaontú Schengen.

"ionchúiseamh coiriúil". Ar an gceathrú dul síos, is ionann cinneadh maidir le dlíthiúlacht eiseachadadh náisiúnaigh tríú tír a ghabhtar i mBallstát den Aontas chuig na Stáit Aontaithe agus dlí an Aontais a chur chun feidhme de réir bhrí Airteagal 51 den Chairt, ós rud é go mbaineann sé le Comhaontú AE-SAM i gcás ar bith. Ba cheart, dá bhrí sin, na cearta bunúsacha a ráthaítear leis an gCairt a chur san áireamh agus an comhaontú sin á chur i bhfeidhm. Thairis sin, de réir na cúirte a rinne an tarchur, tráth a ghabhála, bhí an ceart ag HF gluaiseacht faoi shaoirse faoi Airteagal 20(1) de CISA, arna léamh in éineacht le hAirteagal 6(1)(b) de Chód Teorainneacha Schengen agus Airteagal 4(1) de Rialachán 2018/1806, atá díolmhaithe ón gceanglas víosa mar náisiúnach Seirbeach. Ar an gcúis sin freisin, ba cheart na cearta bunúsacha sin a chur san áireamh.

30. Sa dara háit, áfach, iarrann an chúirt a rinne an tarchur an bhféadfadh sé go mbeadh de thoradh ar Airteagal 50 den Chairt, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 54 de CISA, nach féidir náisiúnach tríú tír a eiseachadadh chuig na Stáit Aontaithe, nach bhfuil ina bpáirtithe in CISA ná i mBallstát. I ndáil leis sin, d'fhonn bonn cirt a thabhairt do bhreithiúnas Fhógra Dearg Interpol agus do raon feidhme an bhreithiúnais sin, déanann an Chúirt Bhreithiúnais tagairt don cheart chun saorghluaiseachta, de réir bhrí Airteagal 21 CFAE, an duine a chumhdaítear le fógra dearg sa chás as ar eascair an breithiúnas sin, eadhon, náisiúnach Gearmánach. Níl an ceart chun saorghluaiseachta ag HF, mar náisiúnach Seirbiach, de réir bhrí Airteagal 21(1) CFAE. Ar an taobh eile, bheadh an ceart chun saorghluaiseachta aige de réir bhrí Airteagal 20 de CISA, agus é díolmhaithe ón gceanglas víosa. Dúirt an chúirt a rinne an tarchur gur thug an Chúirt Bhreithiúnais le fios, i mír 98 de bhreithiúnas Interpol maidir le Fógra Dearg, gur bhain an cás dá dtagraítear san iarraidh ar réamhrialú sa chás sin le gabháil shealadach duine atá faoi réir fógra dheirg arna fhoilsiú ag Interpol, arna iarraidh sin ag tríú Stát, agus ní le heiseachadadh an duine sin chuig an Stát sin. Dá bhrí sin, níor rialaigh an Chúirt Bhreithiúnais go fóill maidir leis an staid atá i gceist sa chás seo, ina bhfuil iarraidh ar eiseachadadh i gceist go sonrach.

31. Tá an chúirt a rinne an tarchur den tuairim gur cheart gurb é an freagra ar an gceist a tharchuirtear chun réamhrialú nach gcuireann Airteagal 54 de CISA i gcomhar le hAirteagal 50 den Chairt cosc, sa chás seo, ar eiseachadadh HF chuig na Stáit Aontaithe, ós rud é go gceanglaítear uirthi an oibleagáid faoin dlí idirnáisiúnta atá ar Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine an duine cúisithe a eiseachadadh.

32. Sa chomhthéacs sin, aontaíonn an chúirt a rinne an tarchur leis an tuairim a chuirtear in iúl i litríocht dhlíthiúil go bhfuil feidhm ag an gcéad mhír d'Airteagal 351 CFAE maidir le comhaontuithe a bhaineann, cé gur thug Ballstát i gcrích iad tar éis an 1 Eanáir 1958, le limistéar nach raibh an tAontas Eorpach inniúil ina leith go dtí ina dhiaidh sin "mar gheall ar shíneadh cumhachtaí [nach raibh] intuartha go hoibiachtúil ag an mBallstát lena mbaineann tráth thabhairt i gcrích [an chomhaontaithe lena mbaineann]". Ina Tuairim i gCás *Commune de Mesquer*[21], dealraíonn sé go dtacaíonn an tAbhcóide Ginearálta Kokott leis an dearcadh céanna. I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur dá haire go bhfuil Comhaontú Schengen agus CISA níos déanaí ná dáta theacht i bhfeidhm an Chonartha um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe, an 30 Iúil 1980, agus nár áiríodh Comhaontú Schengen i ndlí an Aontais ach le Conradh Amstardam in 1997. Níorbh fhéidir le Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, dá bhrí sin, a fhoráil, in 1978 agus 1980, go n-áireofaí i réimse inniúlachta an Aontais Eorpaigh na ceisteanna a bhaineann le prionsabal *ne bis in idem* is infheidhme "ar leibhéal Eorpach" nó le comhar póilíneachta agus breithiúnach in ábhair choiriúla.

[21] C-188/07, EU:C:2008:174, mír 95.

33. Measann an chúirt a rinne an tarchur nach ndéanann na leasuithe a rinneadh leis an gCéad Chonradh Breise agus leis an Dara Conradh Breise athrú ar bith ar an gcás sin. Ní hionann an chéad chonradh breise agus athidirbheartaíocht bhunúsach ar an gConradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe, agus tháinig sé i bhfeidhm an 11 Márta 1993. Leis an Dara Conradh Breise, ní dhearna Poblacht Chónaidhme na Gearmáine ach Comhaontú AE-SAM a thrasuí agus níor glacadh aon fhoráil shonrach maidir le cur i bhfeidhm an phrionsabail *ne bis in idem* "ar an leibhéal Eorpach".

34. Ar deireadh, áitíonn an chúirt a rinne an tarchur, ós rud é nach leagtar síos i gComhaontú AE-SAM prionsabal *ne bis in idem* is infheidhme "ar an leibhéal Eorpach", i gcomhréir le hAirteagal 50 den Chairt i gcomhar le hAirteagal 54 de CISA, go bhféadfar a thuiscint *a contrario* nach mór leanúint de chonradh déthaobhach eiseachadta a dhéanann foráil maidir le comhlíonadh an phrionsabail sin a urramú de réir dhearcadh an Bhallstáit amháin.

35. Ba sa chomhthéacs sin, le cinneadh an 21 Meitheamh 2022, a taisceadh i gClárlann na Cúirte an 1 Iúil 2022, gur chinn Oberlandesgericht München (Uaschúirt Réigiúnach München) cosc a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt le haghaidh réamhrialú:

"An gcaithfidh Airteagal 54 de CISA, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 50 den Chairt, a léiriú sa chaoi go gcoisctear leis na forálacha sin eiseachadadh náisiúnaigh tríú Stát nach bhfuil ina shaoránach den Aontas de réir bhrí Airteagal 20 CFAE ag údaráis Stáit is páirtí sa Choinbhinsiún sin agus Ballstáit den Aontas go dtí tríú Stát, más rud é go ndearna Ballstát eile den Aontas rialú cinntitheach i leith an duine i dtrácht cheana maidir leis na fíorais chéanna dá dtagraítear san iarraidh ar eiseachadadh, gur cuireadh an cinneadh sin i bhfeidhm agus nach bhféadfaí cinneadh a dhéanamh lena ndiúltaítear an duine sin a eiseachadadh go dtí an tríú Stát ach amháin dá shárófaí conradh déthaobhach eiseachadta atá ann leis an tríú Stát sin?"

Na himeachtaí os comhair na Cúirte Breithiúnais

36. Ós rud é gur baineadh a shaoirse de HF ón 20 Eanáir 2022 agus ón iarraidh ar réamhrialú lena n-ardaítear ceisteanna i réimse a chumhdaítear le Teideal V de Chuid a Trí de Chonradh FAE [22], d'iarr an chúirt a rinne an tarchur ar an gCúirt freisin, leis an gcinneadh céanna, go ndéileálfaí leis an tarchur reatha chun réamhrialú faoin nós imeachta réamhrialaithe práinne dá bhforáiltear in Airteagal 107 dá Rialacha Nós Imeachta.

37. Le cinneadh an 15 Iúil 2022, chinn an Chúirt Bhreithiúnais an iarraidh sin a dheonú.

38. Tá barúlacha i scríbhinn curtha isteach ag Generalstaatsanwaltschaft München (Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí, München), HF, Rialtas na Gearmáine agus an Coimisiún Eorpach, inar thug siad freagra, go háirithe, ar na ceisteanna a chuir an Chúirt Bhreithiúnais orthu i gcomhair freagra i scríbhinn. Chuir na páirtithe sin barúlacha ó bhéal i láthair agus thug siad freagra ar na ceisteanna a chuir an Chúirt Bhreithiúnais ag an éisteacht a tionóladh an 13 Meán Fómhair 2022.

[22] Féach mír 6 den Tuairim seo.

Anailís

Réamhbharúlacha

39. Le hAirteagal 54 de CISA, lena gcumhdaítear prionsabal *ne bis in idem*, cuirtear cosc ar Stát Conarthach duine a ionchúiseamh i leith na ngníomhartha céanna leis na gníomhartha a ndearna Stát Conarthach eile iad a dhiúscairt go críochnaitheach cheana féin ina leith, ar choinníoll, i gcás ciontú, gur cuireadh an pionós i bhfeidhm nó go bhfuil sé á fhorghníomhú faoi láthair nó nach féidir é a fhorghníomhú a thuilleadh faoi dhlíthe an Stáit deiridh sin.

40. Foráiltear le hAirteagal 50 den Chairt mar seo a leanas: "Ní dhlífear aon duine a thriail ná a phionósú athuair in imeachtaí coiriúla i ngeall ar chion ar éigiontaíodh nó ar ciontaíodh é nó í go críochnaitheach san Aontas i ngeall air cheana i gcomhréir leis an dlí".

41. Ina theannta sin, mar is léir ón dá Airteagal sin, eascraíonn an prionsabal *ne bis in idem* as na traidisiúin bhunreachtúla is coiteann do na Ballstáit agus do na Stáit Chonarthacha araon. Dá bhrí sin, ní mór Airteagal 54 de CISA a léiriú i bhfianaise Airteagal 50 den Chairt, a n-áirithíonn sé éirim an Airteagail sin [23].

42. Mar atoradh ar an bprionsabal *res judicata*, is é an cuspóir atá leis an bprionsabal *ne bis in idem* ná deimhneacht dhlíthiúil agus cothroime a ráthú trína áirithiú, sa chás go ndearnadh imeachtaí a thabhairt i gcoinne duine nádúrtha nó dlítheanach agus, más iomchuí, é a chiontú, go mbeidh an duine lena mbaineann cinnte nach ndéanfar é a thriail athuair as an gcion céanna [24].

43. D'fhonn an cheist a tharchuirtear chun réamhrialú a fhreagairt, scrúdóidh mé, ar an gcéad dul síos, an féidir na prionsabail a leag an Chúirt Bhreithiúnais síos i mbreithiúnas Fógra Dearg Interpol, maidir le léiriú Airteagal 54 de CISA, a thrasuí i gcás amhail an cás atá i gceist sna príomhimeachtaí, ansin, más gá, an féidir, trí dhiúltú HF a eiseachadadh chuig na Stáit Aontaithe mar gheall ar an bprionsabal *ne bis in idem*, bheadh Poblacht Chónaidhme na Gearmáine ag sárú a hoibleagáidí faoin gConradh um Eiseachadadh idir an Ghearmáin agus na Stáit Aontaithe, arna léamh i gcomhar le Comhaontú AE-SAM, agus, ar deireadh, ag leanúint ón bpointe deireanach sin, cibé acu an féidir le hAirteagal 351 CFAE difear a dhéanamh don léiriú atá á lorg ag an gcúirt a rinne an tarchur.

Infheidhmeacht sa chás seo na bprionsabal atá leagtha síos i mbreithiúnas Fógra Dearg Interpol

44. I mbreithiúnas Fógra Dearg Interpol, chinn an Chúirt Bhreithiúnais nach gcoisctear le hAirteagal 54 de CISA agus le hAirteagal 21(1) CFAE, arna léamh i bhfianaise Airteagal 50 den Chairt, duine atá cumhdaithe ag fógra dearg arna fhoilsiú ag Interpol a ghabháil go sealadach ag údaráis Stáit Chonarthaigh nó údaráis Ballstáit, arna iarraidh sin do thríú Stát, mura rud é go bhfuil sé suite, i gcinneadh breithiúnach críochnaitheach arna dhéanamh i Stát Conarthach nó i mBallstát, go ndearna Stát Conarthach nó Ballstát faoi seach an duine sin a thriail go críochnaitheach cheana féin i leith na bhfíoras céanna ar a bhfuil an Fógra Dearg sin bunaithe.

[23] Fógra Dearg Interpol (mír 70 agus an cásdlí dá dtagraítear).

[24] Breithiúnas an 22 Márta 2022, *Nordzucker agus páirtithe eile*, (C-151/20, EU:C:2022:203, mír 62 agus cásdlí dá dtagraítear)

45. Sa chás seo, is léir ó na cinntí a rinne an chúirt a rinne an tarchur, lena breithiúnas an 6 Iúil 2012, gur thug an Okrožno sodišče v Mariboru (Cúirt Réigiúnach Maribor), eadhon, cúirt Stáit Chonarthaigh, breithiúnas críochnaitheach maidir leis na cionta a rinne HF roimh mhí Iúil 2010 agus gur chuir HF an phianbhreith a forchuireadh air i bhfeidhm go hiomlán. Is léir freisin ó na cinntí sin gurb ionann na fíorais sin [25] agus na fíorais a chumhdaítear leis an iarraidh ó HF ar eiseachadadh arna déanamh ag Stáit Aontaithe Mheiriceá, a mhéid a dhéanann sé cur síos ar chionta a rinneadh roimh mhí Iúil 2010. De réir an ordaithe tarchuir, baineann an iarraidh ar eiseachadadh ó údaráis na Stát Aontaithe, ar bhonn níos leithne, le cionta a rinne HF idir Meán Fómhair 2008 agus Nollaig 2013. Mar sin féin, ní bhaineann an iarraidh ar réamhrialú ach leis na fíorais a bhaineann le cionta a rinneadh roimh mhí Iúil 2010. Chun críocha na Tuairime seo agus an bhreithiúnais atá le tabhairt, is gá é féin a theorannú don staid atá beartaithe sa cheist a tarchuireadh, eadhon, gurb ionann na fíricí – agus, dá bhrí sin, na sáruithe – atá i gceist. Is faoin gcúirt a rinne an tarchur, agus ní faoin gCúirt Bhreithiúnais, atá sé a chinneadh an ionann na fíorais a bhfuil breithiúnas críochnaitheach tugtha orthu ag cúirteanna na Slóivéine agus na fíorais dá dtagraítear san iarraidh ar eiseachadadh.

